Eisithe ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU
17 Eanáir 2018

Achtanna an Oireachtais 1922-2003 curtha le gaois.ie

Cuireadh mórbhailiúchán úr de reachtaíocht phríomha na hÉireann leis an gCorpas comhthreomhar Béarla-Gaeilge ar gaois.ie le déanaí. Bailiúchán cuimsitheach atá ann de bhreis agus 3,000 Acht ón tréimhse 1922–2003, a chuir Rannóg an Aistriúcháin, Tithe an Oireachtais, ar fáil do Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Cuireann sé seo le bailiúchán de thuairim agus 100 Acht ní b'úire a raibh teacht orthu sa chorpas cheana féin mar gheall ar ailíniú a rinneadh orthu le blianta beaga anuas in Fiontar & Scoil na Gaeilge (FSG), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Beidh míreanna ailínithe ó na hAchtanna i measc na dtorthaí cuardaigh a gheobhaidh úsáideoirí an chorpais feasta. Is féidir na torthaí cuardaigh a scagadh de réir bailiúcháin, rud a ligfidh d'úsáideoirí díriú go sonrach ar na hAchtanna más maith leo. Tá an bailiúchán ar fáil le híoslódáil san fhormáid TMX (Translation Memory eXchange) ag www.gaois.ie/crp/ga/data/. Tá an fhormáid TMX oiriúnach le hiompórtáil i mbogearraí aistriúcháin ríomhchuidithe.

Tá thart ar 43 milliún focal sa chorpas anois, 22 milliún i nGaeilge agus 21 milliún i mBéarla agus áirítear idir reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach na hÉireann mar aon le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ann. Is acmhainn fíorluachmhar í d'aistritheoirí, eagarthóirí, taighdeoirí agus speisialtóirí teanga eile a bhíonn ag iarraidh focail agus frásaí coibhéiseacha a chur i gcomparáid lena chéile sna leaganacha Béarla agus Gaeilge den reachtaíocht.

Méadóidh an mórbhailiúchán nua reachtaíochta príomha seo an réimse ábhair atá ar fáil sa chorpas agus cuirfidh sé le beachtas agus le héagsúlacht na dtorthaí cuardaigh da réir. Tá FSG fíorbhuíoch de Rannóg an Aistriúcháin as an mbailiúchán seo a chur ar fáil. Is féidir teacht ar na leaganacha iomlána de na nAchtanna i bhformáid inléite téacs ar achtanna.ie nó ar irishstatutebook.ie.

Corpas Comhthreomhar gaois.ie - comhthéacs

Cruthaíodh an corpas comhthreomhar mar áis inmheánach d'fhoireann eagarthóireachta FSG chun obair théarmeolaíochta a chur i gcrích ar thionscadal LEX, arna mhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá dhá ghné faoi leith ag baint le LEX, is é sin, tacaíocht téarmeolaíochta a sholáthar do bhunachar ilteangach téarmaíochta an Aontais Eorpaigh, iate.europa.eu, agus téarmaí dlí agus reachtaíochta, mar aon le hacmhainní corpais, a fhorbairt don Ghaeilge.

Le linn na chéad chéime den tionscadal (2009-2010), cuireadh leagan Gaeilge de na hIonstraimí Reachtúla ó na blianta 1976–1981 chomh maith leis *Na Rialacha Cúirte Dúiche* (IR Uimh. 93 de 1997) agus *Na Rialacha Cúirte Cuarda* (IR Uimh. 510 de 2001) ar fáil go leictreonach. Bhí an leagan Béarla ar fáil cheana ag irishstatutebook.ie agus an leagan Gaeilge de na Rialacha Cúirte ar fáil ag courts.ie. Ailíníodh na téacsanna chun cuimhne aistriúcháin agus corpas comhthreomhar (www.gaois.ie/crp/ga/) a chruthú agus asbhaineadh téarmaí astu le foilsiú ar téarma.ie.

Ina theannta sin, thug an Coimisiún Eorpach cead do FSG míreanna ailínithe ó reachtaíocht roghnaithe an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil don phobal sa chorpas comhthreomhar. Áirítear idir Chonarthaí, Rialacháin agus Treoracha mar aon le hachtanna ullmhúcháin agus téacsanna neamhreachtacha eile sa bhailiúchán seo. Fuarthas cead ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais roinnt ionstraimí reachtúla eile ó na blianta 1999-2012 a ailíniú agus a áireamh sa chorpas. Áirítear *Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Alt 9) 2008* (IR Uimh. 391 de 2008) mar aon le leagan ailínithe de Bhunreacht na hÉireann, 1937 sa chorpas chomh maith.

Nóta d'eagarthóirí:
Scoil is ea Fiontar & Scoil na Gaeilge i nDámh na nDaonnachtaí & na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina ndéantar teagasc agus taighde idirdhisciplíneach trí mheán na Gaeilge. Tá forbairt agus bainistiú na n-acmhainní Téarma.ie, Logainm.ie, Ainm.ie agus Dúchas.ie faoi chúram Fiontar & Scoil na Gaeilge, mar aon le tionscadail eile i réimse na teicneolaíochta teanga agus na ndaonnachtaí digiteacha.

Tuilleadh eolais ar fáil ó gaois@dcu.ie nó (01) 700 6577.

DCU
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta
Supported by National Lottery
bring dreams to life
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal